Body of European Regulators for Electronic Communications
BEREC OFFICE

**Glao ar Léiriú Spéise**

**Cúntóir Buiséid agus Cuntasaíochta**

**(Gníomhaire Sealadach – Grád AST3)**

**Tag. BEREC/2017/01**

**Tá iarratais á n-iarraidh chun liosta ionadaithe a bhunú do phost Chúntóir Buiséid agus Cuntasaíochta in Oifig BEREC.**

| | |
|---|---|
| **Cineál conartha** | Gníomhaire Sealadach |
| **Feidhmghrúpa agus grád** | AST 3 |
| **Fad an chonartha** | 3 bliana (tréimhse a bhféadfar í a fhadú) |
| **An líon uasta iarrthóirí a chuirfear ar an liosta ionadaithe** | 6 |
| **Áit fostaíochta** | Ríge, an Laitvia |
| **Ard-Stiúrthóireacht is Comhpháirtí** | DG CONNECT - Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta |
| **Coimisinéir Punainne** | An tUasal Andrus Ansip (Margadh Aonair Digiteach) |
| **Spriocdháta le haghaidh iarratas** | **10/04/2017 ag 12:00 (meán lae), am Ríge** |

## Oifig BEREC

Cuireadh Oifig BEREC ar bun chun tacaíocht riaracháin agus ghairmiúil a chur ar fáil do BEREC, Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach. Tá Oifig BEREC lonnaithe i Ríge, an Laitvia.

Comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) is ea Oifig BEREC, atá á bainistiú ag Bainisteoir Riaracháin faoi mhaoirseacht an Choiste Bainistíochta, atá comhdhéanta de na cinn ar na 28 n-údarás rialála náisiúnta (ÚRNanna) a bhfuil sé de chúram orthu faireachán a dhéanamh ar na margaí teileachumarsáide. Tá an Coiste Bainistíochta comhdhéanta d'ionadaí amháin ón gCoimisiún Eorpach freisin.

Tá freagracht ar leith ar Oifig BEREC as faisnéis a bhailiú ó ÚRNanna agus as faisnéis a mhalartú agus a chur in iúl maidir le ról agus cúraimí BEREC, as an dea-chleachtas rialála a scaipeadh i measc ÚRNanna, as cúnamh a thabhairt don Chathaoirleach ar Bhord Rialálaithe BEREC maidir lena chuid/cuid oibre a ullmhú, agus as tacaíocht a shocrú agus a chur ar fáil do mheithleacha saineolaithe.

Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach, Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach agus na rialacha arna nglacadh go

comhpháirteach ag institiúidí AE chun na Rialacháin Foirne sin agus na Coinníollacha Fostaíochta sin a chur i bhfeidhm, tá feidhm acu go léir maidir le foireann na hOifige.

Féach suíomh Gréasáin BEREC le haghaidh tuilleadh faisnéise: [www.berec.europa.eu.](http://www.berec.europa.eu)

**An post**

Cuideoidh an Cúntóir Buiséid agus Cuntasaíochta le hOifigeach Údaraithe Oifig BEREC, Oifigeach Údaraithe le (fo)-tharmligean agus/nó Oifigeach Cuntasaíochta Oifig BEREC i bhfeidhmiú a gcuid tascanna. Tuairisceoidh sealbhóir an phoist don Cheann Riaracháin agus Airgeadais.

Go sonrach, áireofar iad seo a leanas ar a f(h)reagrachtaí:

- Ullmhú/nuashonrú a dhéanamh ar dhréachtchinntí maidir leis an mbuiséad a bhunú/a leasú agus ar rialacha agus fógraí inmheánacha airgeadais, lena n-áirítear cinn a bhaineann le ciorcaid airgeadais/sreafaí oibre/tarmligean cumhachta;
- Ceangaltais, íocaíochtaí agus orduithe aisghabhála a ullmhú de réir na bhforálacha is infheidhme agus de réir phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais;
- Aistrithe buiséid a ullmhú gan an t-oifigeach cuntasaíochta a bheith páirteach iontu;
- Cur le rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme lena gcumasófar próiseáil faisnéise agus doiciméad airgeadais agus rochtain ar an bhfaisnéis agus na doiciméid sin;
- Cúnamh a thabhairt maidir le forbairt agus faireachán a dhéanamh ar na gnéithe airgeadais agus buiséid den phlean soláthair agus de na nósanna imeachta soláthair;
- Dréachtchomhaid chonartha agus/nó dréachtchomhaid soláthair a fhíorú i dtaca le comhlíonadh leis na nósanna imeachta airgeadais agus buiséid atá i bhfeidhm;
- Cur le pleanáil, faireachán agus tuairisciú leanúnach agus éifeachtúil a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáidtear acmhainní airgeadais na Gníomhaireachta, sreabhadh airgid thirim san áireamh;
- Sonraí buiseádacha a ullmhú, a bhaineann le bunú an bhuiséid agus athrú na bliana airgeadais ar shlí chaighdeánaithe;
- Gníomhú mar chomhéadan maidir le saincheisteanna buiséid (m.sh. an ainmníocht bhuiséadach a shainiú agus a léirmhíniú);
- Rialuithe rialta a dhéanamh ar an timpeallacht chuntasaíochta le leordhóthanacht an ionchuir chuntais mórleabhar ginearálta in ABAC a chinntiú – an anailís riosca a nuashonrú, an clár rialaithe a ailíniú le torthaí na hanailíse riosca agus tabhairt faoi iar-obair ar chur chun feidhme na mbeart ceartúcháin deiridh;
- Na cuntais mórleabhar ginearálta a imréiteach leis an bhfaisnéis oibríochtúil;
- An comhad bliantúil dúnta agus áirithintí dúnta (páirceáil) de chuid Oifig BEREC (ceartúcháin deiridh, scoithphointí, forálacha, srl.) a ullmhú lena mbailíochtú ag an Oifigeach Cuntasaíochta;
- A bheith rannpháirteach san iniúchadh bliantúil; faisnéis agus doiciméid a sholáthar do Chúirt Eorpach na nIniúchóirí agus d’iniúchóirí eile;
- Tuarascálacha, ráitis agus doiciméid eile a dhréachtú maidir le bainistíocht buiséid agus airgeadais;
- Ról a ghlacadh i gciorcad airgeadais Oifig BEREC ag an leibhéal cuí.

D’fhéadfaí dualgais eile a shannadh air/uirthi, mar is cuí.

Beifear ag súil go n-oibreoidh an tOifigeach Dlí agus Soláthair in Oifig BEREC, atá suite i Ríge, an Laitvia.

## Critéir incháilitheachta

Beidh iarrthóirí incháilithe don nós imeachta roghnúcháin seo má chomhlíonann siad na critéir fhoirmiúla seo a leanas tráth an spriocdháta le haghaidh iarratas:

1. A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach agus cearta iomlána a bheith acu mar shaoránach[1];
2. Aon oibleagáidí arna bhforchur le dlíthe is infheidhme a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu;
3. A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh[2];
4. Na teistiméireachtaí faoi charachtar cuí a sholáthar maidir lena oiriúnaí atá sé nó sí chun na dualgais lena mbaineann a chomhlíonadh;
5. <u>Teangacha</u>: Eolas cruinn a bheith acu ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an AE agus eolas sásúil a bheith acu ar theanga oifigiúil eile den AE a mhéid is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh;
6. <u>Staidéar[3] agus taithí ghairmiúil:</u>

Leibhéal oideachais arb ionann é agus trí bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le dioplóma a bheith acu agus taithí ghairmiúil chuí 3 bliana ar a laghad a bheith gnóthaithe acu ina dhiaidh sin.

Nó

Leibhéal meánoideachais atá fianaithe le dioplóma lena dtugtar rochtain ar iar-mheánoideachas a bheith acu agus taithí ghairmiúil 6 bliana ar a laghad a bheith gnóthaithe acu ina dhiaidh sin.

## Critéir roghnúcháin

Roghnófar an Cúntóir Buiséid agus Cuntasaíochta bunaithe ar na critéir seo a leanas:

- Taithí ábhartha i réimsí a bhfuil dlúthbhaint acu leis na tascanna a thuairiscítear thuas faoin rannán "an post".
- Taithí ghairmiúil i dtimpeallacht idirnáisiúnta, ilchultúrtha agus ilteangach;
- Eolas cruthaithe ar Chuntasaíocht (m.sh. rialacha, modhanna srl.);

---

[1] Sula gceapfar iad, iarrfar ar iarrthóirí rathúla deimhniú arna eisiúint ag údarás inniúil a chur ar fáil, rud ina bhfianófar nach bhfuil aon taifead coiriúil ag an iarrthóir.
[2] Sula gceapfar é/í, déanfaidh duine d'oifigigh leighis na hinstitiúide scrúdú leighis ar bhall den fhoireann shealadach chun an institiúid a shásamh go gcomhlíonann sé/sí ceanglais Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.
[3] Ní bhreithneofar ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit. Sa chás deireanach, coimeádann an t-údarás atá údaraithe chun conarthaí a chur i gcrích an ceart aige chun cruthúnas ar an gcomhionannas sin a iarraidh.

- Eolas críochnúil ar Bhéarla[4].

Bheadh na nithe seo a leanas ina gcuidiú:

- Taithí ar bhuiséadú bunaithe ar ghníomhaíochtaí agus bainistíocht riosca;
- Taithí ar bhainistíocht conarthaí agus/nó soláthar faoi rialacha AE;
- Taithí ar chúrsaí buiséid agus cuntasaíochta san AE:
- Eolas ar uirlisí tuairiscithe airgeadais AE, mar atá Sreabhadh Oibre ABAC agus Cuntasaíocht ABAC;
- Eolas ar Rialacha Cuntasaíochta AE;
- Staidéar ábhartha ar réimsí a bhaineann go dlúth leis na cúraimí atá tuairiscithe thuas faoin rannán "an post".

Is féidir go ndéanfar na scileanna agus na hinniúlachtaí seo a leanas atá ábhartha don phost a thástáil san agallamh agus sa scrúdú scríofa:

- Tuiscint chríochnúil ar Bhéarla[5].
- An cumas uirlisí leictreonacha oifige a úsáid (uirlisí buiséid agus cuntasaíochta, próiseáil focal, scairbhileoga, bogearraí láithriúcháin, ríomhphost, idirlíon, srl.);
- Dea-scileanna cumarsáide labhartha agus scríofa (agus aird á tabhairt ar chruinneas agus struchtúr loighciúil na cumarsáide scríofa, i measc nithe eile);
- Dea-scileanna anailíseacha, réiteach fadhbanna agus eagrúcháin, chomh maith le hinspreagadh agus scileanna idirphearsanta;
- An cumas dul i mbun oibre faoi bhrú agus sprioc-amanna dochta a chomhlíonadh agus torthaí ar ardchaighdeán a chur ar fáil;
- Cruthúnas go bhfuil spiorad foirne aige nó aici agus go seachnaíonn sé nó sí coinbhleachtaí, rud a chumasóidh é/i dul i mbun oibre ar shlí chomhordaithe le baill eile an ghrúpa chun comhsprioc a bhaint amach;
- Eolas críochnúil ar Rialachán Airgeadais an AE agus ar na rialacha faoina gcuirtear chun feidhme é;
- Eolas ar na nósanna imeachta soláthair de réir chleachtais agus creat dlí an AE;
- Eolas críochnúil ar chuntasaíochta, lena n-áirítear eolas ar chaighdeáin chuntasaíochta, amhail Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) agus Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí (IPSAS).

## Céimeanna sa nós imeachta roghnúcháin

Cuirfidh Oifig BEREC Coiste Roghnóireachta ar bun, rud a sheolfaidh an nós imeachta roghnúcháin. Is é an t-údarás atá údaraithe chun conarthaí a chur i gcrích a cheapfaidh an Coiste Roghnóireachta. Déanfaidh an Coiste sin anailís ar na hiarratais agus aithneoidh sé roinnt iarrthóirí ag a bhfuil an phróifíl is fearr i dtaca leis na critéir roghnúcháin agus na sócmhainní atá luaite thuas. Tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí sin freastal ar scrúdú scríofa agus ar agallamh leis an gCoiste Roghnóireachta.

[4] Mar a bunaíodh sa Chinneadh ó Choiste Bainistíochta Oifig BEREC MC/2016/02, is é Béarla teanga oibre Oifig BEREC.

[5] Mar a bunaíodh sa Chinneadh ó Choiste Bainistíochta Oifig BEREC MC/2016/02, is é Béarla teanga oibre Oifig BEREC.

### A. Glacadh isteach sa nós imeachta roghnúcháin

Tar éis an spriocdháta le haghaidh iarratais a fháil, seiceálfar na hiarratais a cuireadh isteach in aghaidh na gcritéar incháilitheachta. Ní mheasúnófar ach iarratais incháilithe in aghaidh na gcritéar roghnúcháin ansin.

### B. Iarratais incháilithe a mheasúnú

Déanfaidh an Coiste Roghnóireachta anailís ar litreacha inspreagtha, foirmeacha iarratais agus CVanna na n-iarratasóirí incháilithe i ndáil leis na critéir roghnúcháin agus na sócmhainní. Déanfar measúnú foriomlán ar cháilíocht agus oiriúnacht gach iarratais incháilithe bunaithe ar riachtanais na bpost.

### C. Agallamh agus scrúdú scríofa

Nuair a bheidh an measúnú ar iarratais incháilithe déanta aige, tabharfaidh an Coiste Roghnóireachta cuireadh do na hiarrthóirí is oiriúnaí freastal ar scrúdú scríofa agus agallamh (fad an agallaimh: 30 nóiméad, príomhtheanga an agallaimh: Béarla) d'fhonn measúnú a dhéanamh ar na hinniúlachtaí sonracha a theastaíonn don phost agus ar na hinniúlachtaí ginearálta a theastaíonn ó bhaill foirne shealadacha de chuid AE. Tabharfar cuireadh do dháréag iarrthóirí ar a mhéad freastal ar agallamh agus ar scrúdú scríofa.

Iarrtar ar iarrthóirí aon socruithe speisialta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil má thugtar cuireadh dóibh freastal ar scrúdú agus agallamh a lua ina n-iarratas.

Is de réir na ngnéithe atá leagtha amach sa rannán "Critéir Roghnúcháin" a dhéanfaidh an Coiste Roghnóireachta measúnú ar na hiarrthóirí ar tugadh cuireadh dóibh freastal ar an scrúdú scríofa agus ar an agallamh, lena n-áirítear na scileanna agus na hinniúlachtaí liostaithe atá ábhartha don phost.

Is i mBéarla a bheidh an scrúdú scríofa; beidh sé bainteach leis an bpost agus beidh sé deartha chun féachaint ar an gcumas atá ag na hiarrthóirí cumarsáid a dhéanamh i mBéarla scríofa agus ar an eolas agus ar na hinniúlachtaí atá acu ar chúrsaí a bhaineann leis an bpost. An scór uasta don scrúdú scríofa: 30. An scór pas íosta: 20.

Beidh sé mar aidhm leis an agallamh measúnú a dhéanamh ar a oiriúnaí atá iarrthóirí do na dualgais riachtanacha a chomhlíonadh, ar a n-eolas gairmiúil agus ar a n-inspreagadh. Déanfar an t-agallamh i mBéarla. Is i dteanga oifigiúil eile AE a chuirfear triail ar iarrthóir a bhfuil Béarla mar mháthairtheanga acu chun a sheiceáil go bhfuiltear ag comhlíonadh na gcritéar incháilitheachta (i.e. eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile AE). An scór uasta don agallamh: 70. An scór pas íosta: 50.

Socrófar ábhar an scrúdaithe scríofa agus na gceisteanna a chuirfear sna hagallaimh de réir leibhéal agus phróifíl an phoist atá á fhógairt.

Molfaidh an Coiste Roghnóireachta gur ar an liosta ionadaithe a chuirfí seisear iarrthóirí ar a mhéad a ghnóthaigh na scóir chomhcheangailte ab airde san agallamh agus sa scrúdú scríofa.

### 1. Liosta ionadaithe agus tairiscint fhéideartha poist/tairiscintí féideartha poist

Molfaidh an Coiste Roghnóireachta don Choiste Bainistíochta seisear iarrthóirí rathúla ar a mhéad[6] a chur ar liosta ionadaithe. Féadfaidh an Coiste Bainistíochta liosta ionadaithe d'iarrthóirí rathúla a chur le chéile. Beidh an liosta sin bailí ar feadh suas le 12 mhí ó dháta a bhunaithe. Féadfaidh an tÚdarás Ceapacháin tréimhse bailíochta an liosta a fhadú. Cuirfear an liosta ionadaithe ar bun in ord aibítre agus ní chiallaíonn áit ar an liosta

---

[6] Sa chás go bhfuil roinnt iarrthóirí ar comhscór le haghaidh na háite deireanaí atá ar fáil, cuirfear gach duine díobh ar áireamh ar an liosta.

ionadaithe go bhfaighidh iarrthóir aon teidlíocht i leith fostaíochta in Oifig BEREC. Ina theannta sin, beidh earcaíocht faoi réir buiséad dóthanach a bheith ar fáil.

Sa chás go dtagann folúntas aníos i bpost mar Chúntóir Buiséid agus Cuntasaíochta nó gur gá clúdach a chur ar fáil ina leith, féadfar post a thairiscint d'iarrthóir oiriúnach ón liosta ionadaithe[7].

2. **Doiciméid a fhíorú agus iniúchadh**

Seiceálfar iarratas an iarrthóra rathúil i gcomparáid leis na doiciméid tacaíochta chun a dheimhniú go bhfuil sé cruinn incháilithe.

Más rud é go n-aimsítear ag céim ar bith den nós imeachta gur falsaíodh go feasach an fhaisnéis a tugadh in iarratas, dícháileofar an t-iarrthóir ón bpróiseas roghnúcháin.

Dícháileofar iarrthóirí sna cásanna seo freisin:

- mura gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta go léir;
- mura gcuireann siad gach ceann de na doiciméid tacaíochta riachtanacha ar fáil.

3. **Coinníollacha fostaíochta**

Ceapfaidh an tÚdarás Ceapacháin an Cúntóir Buiséid agus Cuntasaíochta mar ghníomhaire sealadach ag grád AST3 de bhun Airteagal 2f de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach go ceann tréimhse trí bliana. Féadfaidh an tÚdarás Ceapacháin an conradh a athnuachan uair amháin ar a mhéad ar feadh tréimhse sheasta eile. Is ar feadh tréimhse éiginnte a dhéanfar aon athnuachan eile ina dhiaidh sin. Ní bheidh an tréimhse fostaíochta níos faide ná saolré Oifig BEREC i gcás ar bith[8].

**Nós imeachta iarratais**

Chun iarratais bhailí a dhéanamh, ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a chur isteach:

1. Litir chumhdaigh ina leagtar amach na cúiseanna a bhfuil iarratas á dhéanamh acu;

2. Curriculum vitae (CV), arbh fhearr é a bheith dréachtaithe i bhformáid CV Europass[9];

3. Tá an fhoirm iarratais le fáil san iarscríbhinn.

Iarrtar go sonrach ar iarrthóirí aird a tharraingt agus cuntas achomair a thabhairt ar an taithí agus ar an saineolas atá acu a bhaineann leis an bpost agus dátaí tosaigh agus deiridh na gconarthaí fostaíochta a bhí acu a lua. Iarrtar ar iarrthóirí an tréimhse ama ina mbeidh na dioplómaí atá acu bailí, seachas fad ama a gcúrsaí staidéir, a chur in iúl. Diúltófar d'iarratais má tá an sainchomhad neamhiomlán nó má chuirtear isteach é tar éis an spriocdháta.

---

[7] Déanfar CVanna na n-iarrthóirí ar an liosta ionadaithe a mheasúnú le hais riachtanais an phoist fholaimh. Is féidir go n-eagrófar agallamh eile.

[8] Chun faisnéis a fháil faoi thuarastail, asbhaintí agus liúntais, féach Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh: IO 45, 14.6.1962, lch. 1385, http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:01962R0031-20160910&qid=1481821297779&from=EN. Cuirfear comhéifeacht cheartúcháin i gcás na Laitvia i bhfeidhm maidir le tuarastal. Is é 73% an chomhéifeacht cheartúcháin tráth a bhfuil an folúntas seo á fhoilsiú.

[9] Is féidir CV Europass a íoslódáil ón suíomh Gréasáin http://europass.cedefop.europa.eu/htm/index.htm

Níor cheart doiciméid tacaíochta (m.sh. cóipeanna deimhnithe de chéimeanna/dhioplómaí, teistiméireachtaí, cruthúnas ar thaithí, etc.) a sheoladh ag an am seo, ach ní mór iad a chur isteach ag céim níos déanaí den nós imeachta má iarrtar iad.

Ba cheart iarratais, arbh fhearr iad a bheith scríofa i mBéarla, a sheoladh *le ríomhphost* amháin chuig an seoladh seo a leanas:

recruitment@berec.europa.eu

Ní mór an tagairt (BEREC/2017/01 Budget and Accounting Assistant) a bheith i líne ábhair gach ríomhphoist i gcónaí.

Iarrtar ar iarrthóirí aon athrú féideartha ar sheoladh a thuairisciú i scríbhinn gan mhoill ach ríomhphost a sheoladh chuig an seoladh thuas.

**An dáta deiridh le hiarratais a dhéanamh**

Ní mór iarratais a sheoladh trí ríomhphost. Is é an spriocdháta ná **10/04/2017 ag 12.00 (meán lae), am Ríge** (11.00 a.m. Am Lár na hEorpa). Molann Oifig BEREC go láidir d'iarrthóirí gan fanacht go dtí an cúpla lá deiridh roimh an spriocdháta chun iarratas a dhéanamh toisc go bhféadfadh trácht trom ar an Idirlíon nó deacrachtaí nascachta a bheith ina n-údar d'fhadhbanna. Is ar an iarrthóir féin atá an fhreagracht aonair a (h)iarratas comhlánaithe a chur isteach faoin spriocdháta. Ní thabharfar aird ar aon fhaisnéis ná ar aon doiciméid a chuirfear isteach tar éis an spriocdháta.

**Garbhchlár ama**

D'fhéadfadh go mairfeadh an próiseas roghnúcháin roinnt míonna. Eiseofar faisnéis ag deireadh gach céime.

**Neamhspleáchas agus dearbhú leasanna**

Ceanglófar ar an Oifigeach Buiséid agus Cuntasaíochta dearbhú a thabhairt ar an tiomantas atá aige/aici gníomhú go neamhspleách le leas an phobail agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leasanna atá aige/aici a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas. Ní mór d'iarrthóirí a dheimhniú ina n-iarratas go bhfuil siad toilteanach déanamh amhlaidh.

**Faisnéis thábhachtach eile**

Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur rúnda atá an obair a dhéanann Coiste Roghnóireachta agus Coiste Bainistíochta Oifig BEREC. Tá cosc ar iarratasóirí teagmháil, bíodh sí díreach nó indíreach, a dhéanamh le comhaltaí de na coistí sin agus tá cosc ar dhuine ar bith eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Má sháraítear an riail sin, dícháileofar an t-iarrthóir ón nós imeachta roghnúcháin.

**Comhdheiseanna**

Cuireann Oifig BEREC beartas comhdheiseanna agus neamh-idirdhealaithe i bhfeidhm de réir Airteagal 1d de na Rialacháin Foirne.

**Sonraí pearsanta a chosaint**

Áiritheoidh Oifig BEREC go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil

sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[10].

### Iarrataí ar fhaisnéis agus nósanna imeachta achomhairc

Féadfaidh iarratasóirí ar mian leo tuilleadh faisnéise a fháil nó a mheasann go bhfuil forais acu le gearán a dhéanamh faoi chinneadh ar leith iarraidh ar thuilleadh faisnéise a sheoladh trí ríomhphost chuig recruitment@berec.europa.eu ag tráth ar bith sa phróiseas roghnúcháin.

Féadfaidh iarrthóir a mheasann go ndearnadh earráid maidir le hincháilitheacht a iarraidh go n-athbhreithneofar a (h)iarratas ach iarraidh ar athbhreithniú a sheoladh chuig Cathaoirleach an Choiste Roghnúcháin ag an seoladh seo a leanas laistigh de 20 lá féilire ón dáta ar ar seoladh an ríomhphost inar cuireadh an toradh in iúl don iarrthóir, agus tagairt an nós imeachta roghnúcháin lena mbaineann á lua aige/aici inti:

BEREC Office
Human Resources
Z. A. Meierovica Bulv. 14, 2nd Floor
Riga, LV-1050
LATVIA

Déanfaidh an Coiste Roghnóireachta athbhreithniú ar an iarratas agus a chinneadh a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 45 lá féilire tar éis an litir a fháil.

Más rud é go measann iarrthóir gur imir cinneadh ar leith drochthionchar air/uirthi, féadfaidh sé/sí gearán a dhéanamh de réir Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus de réir Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach ag an seoladh thuas.

Ní mór an gearán a dhéanamh laistigh de thrí mhí. Tosaíonn an teorainn ama le nós imeachta den saghas sin a thionscnamh ón am ar ar cuireadh an gníomh a imríonn drochthionchar air/uirthi in iúl don iarrthóir.

Féadfaidh iarrthóirí achomharc breithiúnach a chur isteach faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach chuig:

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
L-2925 Lucsamburg

Is féidir sonraí faoi conas achomharc a dhéanamh a léamh ar shuíomh Gréasáin an Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh:

http://curia.europa.eu/en/instit/txtdocfr/index_tfp.htm

Is féidir freisin gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach de bhun Airteagal 228 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na Rialacháin Foirne agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman, arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, L 113 an 4 Bealtaine 1994:

---

[10] Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 - IO L 008, 12/01/2001, lch. 0001-0022.

An tOmbudsman Eorpach
1 Avenue du Président Robert Schuman
CS 30403
67001 Strasbourg Cedex
An Fhrainc
http://www.ombudsman.europa.eu

Tabhair do d'aire nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 90(2) agus in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearán a dhéanamh le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus le hachomharc a dhéanamh os a comhair faoi seach de réir Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Tabhair do d'aire freisin le do thoil nach mór go ndearnadh na cineálacha cur chuige cuí leis na hinstitiúidí agus na comhlachtaí lena mbaineann sula ndéantar gearán ar bith leis an Ombudsman de réir Airteagal 2(4) de na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman. Dá bhrí sin, ní mór go ndearna iarrthóirí gearán le hOifig BEREC nó go ndearna siad achomharc os a comhair agus go bhfuair siad freagra diúltach uaithi sula dtéann siad i dteagmháil leis an Ombudsman.